Cúirt Bhreithiúnais an Aontas Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 63/22**
Lucsamburg, an 22 Aibreán 2022

Preas agus Eolas

# Craoladh trí “shruthú” de na héisteachtaí, breithiúnais atá á dtabhairt agus tuairimí na Cúirte Breithiúnais atá á léamh.

Chun rochtain phoiblí ar a gcuid gníomhaíocht bhreithiúnach a éascú, cuirfidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh córas sruthaithe ar fáil ón 26 Aibreán.

Craolfar breithiúnais na Cúirte Breithiúnais agus tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta atá á dtabhairt **beo** ar a suíomh Gréasáin. Cuirfear an craoladh, nach mbaineann ag an bpointe seo ach leis na cásanna a shanntar don Mhór-Dhlísheomra, i ngníomh a luaithe a thosóidh na héisteachtaí, de réir an sceidil san fhéilire breithiúnach.

Déanfar éisteachtaí na gcásanna a shanntar do Mhór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais a chraoladh freisin, i bprionsabal, ar bhonn **moillithe** ar feadh tréimhse phíolótach sé mhí. Is féidir breathnú ar na héisteachtaí, ag brath ar an gcás, ó 2.30 p.m. (le haghaidh éisteachtaí a bheidh ar siúl ar maidin) nó ó 9.30 a.m. an lá dár gcionn (le haghaidh éisteachtaí a leanann ar aghaidh i rith an tráthnóna), ach ní féidir breathnú orthu ina dhiaidh sin.

Tá na craoltaí deartha sa chaoi is go mbeidh saoránaigh in ann na héisteachtaí a leanúint faoi na coinníollacha céanna amhail is dá mbeidís i láthair go fisiciúil. Dá bhrí sin, bainfear leas iontu as ateangaireacht chomhuaineach ar na himeachtaí sna teangacha is gá chun reáchtáil chuí na héisteachta a chinntiú.

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*